*Uimhir* 6 *de* 2015

# An tAcht um Mí-Úsáid Drugaí (Leasú), 2015

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 6 *de* 2015

# AN tACHT UM MÍ-ÚSÁID DRUGAÍ (LEASÚ), 2015

[*An tiontú oifigiúil*]

## CLÁR AN ÁBHAIR


Alt

1. Leasú ar an Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977

2. Ionstraimí reachtúla áirithe a dhaingniú

3. Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme

SCEIDEAL 1

Míreanna 1A agus 1B a chur isteach sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977

SCEIDEAL 2

Ionstraimí Reachtúla Áirithe a Dhaingniú

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

An tAcht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 (Uimh. 12)

Na hAchtanna um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 go 2007

*Uimhir* 6 *de* 2015

# AN tACHT UM MÍ-ÚSÁID DRUGAÍ (LEASÚ), 2015

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leasú an Achta um Mí-Úsáid Drugaí, 1977; do dhaingniú ionstraimí reachtúla áirithe; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[11 *Márta* 2015]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Leasú ar an Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977**

**1.** Leasaítear an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977—

(a) tríd an ábhar a shonraítear i *Sceideal 1* a chur isteach i ndiaidh mhír 1,

(b) trí "nó 1A" a chur isteach, i mír 2, i ndiaidh "mír 1",

(c) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 2:

"2A. Aon fhoirm steiré-isiméireach de shubstaint a shonraítear i mír 1B.",

(d) trí ", 1A" a chur isteach, i mír 3, i ndiaidh "mír 1",

(e) trí "mír 1, 1A, 1B, 2, 2A nó 3" a chur in ionad "mír 1, 2 nó 3", i mír 4, agus

(f) trí "mír 1, 1A, 1B, 2, 2A, 3 nó 4" a chur in ionad "mír 1, 2, 3 nó 4", i mír 5.

**Ionstraimí reachtúla áirithe a dhaingniú**

**2.** (1) Maidir le gach ionstraim reachtúil a shonraítear i Sceideal 2, beidh éifeacht reachtúil léi amhail is dá mba Acht den Oireachtas í.

(2) Dá mba rud é, murach an fo-alt seo, go mbeadh *fo-alt (1)* ar neamhréir le ceart bunreachtúil aon duine, beidh oibriú an fho-ailt sin faoi réir cibé teorannú is gá chun a áirithiú nach mbeidh sé ar neamhréir amhlaidh ach beidh lánfheidhm aige agus lánéifeacht leis thairis sin.

**Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme**

**3.** (1) Féadfar an tAcht um Mí-Úsáid Drugaí (Leasú), 2015 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 go 2015 a ghairm den Acht seo agus de na hAchtanna um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 go 2007 le chéile agus forléireofar le chéile iad mar aon Acht amháin.

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh an lá díreach tar éis an dáta a ritear é.

## SCEIDEAL 1

*Alt 1*

MÍREANNA 1A AGUS 1B A CHUR ISTEACH SA SCEIDEAL A GHABHANN LEIS AN ACHT UM MÍ-ÚSÁID DRUGAÍ, 1977

1A. (a) Alfeantainil

(3-Aimíni-2,2-déimheitiolpróipil)4-aimíni-beansóáit

5-(2-Aimínipróipil)iondóil

1-(1,3-Beinsidhé-ocsail-5-il)-2-(1-piorólaidinil)-peantánón

*N*-(1-Beinsil-4-pipiridil)próipianainilíd

1-(4-Brómafúra[2,3-*f*][1]beansafúrán-8-il)própán-2-aimín

Carfantainil

Cátíonón

3,4-Déchlórai-*N*-[[1-(démheitiolaimíni)cioglaiheicsil]meitil]beansaimíd

Déhidri-eatoirfín

[2,3-Déhidri-5-meitil-3-(4-morfóilinilmeitil)piorólai[1,2,3-*de*]-1,4-beansocsaisin-6-il]-1-naiftailéinilmeatánón

Démheatacaon

3-Démheitilheiptil-11-hiodrocsaiheicsihidreacannaibionól

Eiticiglidín

Eitrioptaimín

1-(2-Fluaraifeinil)-2-meitilaimíneaprópán-1-ón

1-(3-Fluaraifeinil)-2-meitilaimíneaprópán-1-ón

1-(4-Fluaraifeinil)-2-meitilaimíneaprópán-1-ón

9-(Hiodrocsaimeitil)-6,6-démheitil-3-(2-meitiolochtán-2-il)-6a,7,10,10a-teitrihidreabeansó[*c*]cróman-1-ól

9-(Hiodrocsai-6-meitil)-3-[5-feinilpeantán-2-il]ocsa-5,6,6a,7,8,9,10,10a-ochtaihidrifeanantraidín-1-il] aicéatáit

*N*-Hiodrocsaiteanamfataimín

4-Iadai-2,5-démheatocsai-*N*-(2-meatocsaibeinsil)feineitiolaimín

Cát (arb éard é duilleoga *Catha edulis* (Celastraceae))

Loifeantainil

Meatcátíonón

2-(3-Meatocsaifeinil-2-(eitiolaimíni)cioglaiheicsánón

1-(4-Meatocsaifeinil-2-(meitilaimínea)própán-1-ón

Meitiol(2*S*,4a*R*,6a*R*,7*R*,10a*S*,10b*R*)-9-aicéitiolocsa-2-(fúrán-3-il)-6a,10b-démheitil-4,10-dé-ocsa-2,4a,5,6,7,8,9,10a-ochtaihidri-*1H*-beansa[*f*]isea-chróiméin-7-carbocsailáit agus aon táirge, cibé acu nádúrtha nó eile, lena n-áirítear aon phlanda nó ábhar planda d'aon chineál nó tuairisc, a bhfuil aon chion den tsubstaint sin ann

2-Meitiolaimíni-1-(3,4-meitiléindé-ocsaifeiniol)bútán-1-ón

2-Meitiolaimíni-1-(3,4-meitiléindé-ocsaifeiniol)própán-1-ón

4-Meitiol-aimínireics

(8-Meitiol-8-asaidhéchiogla[3.2.1]ochtán-3-il)-4-fluaraibeansóáit

Meitil-2-[(2*S*,3*S*,7a*S*,12b*S*)-3-eitil-7a-hiodrocsai-8-meatocsai-2,3,4,6,7,12b-heicsihidri-*1H*-iondóla[2,3a]cuineoilisín-2-il]-3-meatocsapróip-2-éanóáit agus aon táirge, cibé acu nádúrtha nó eile, lena n-áirítear aon phlanda nó ábhar planda d'aon chineál nó tuairisc, a bhfuil aon chion den tsubstaint sin ann

Meitil-2-[(2*S*,3*S*,12b*S*)-3-eitil-8-meatocsa-1,2,3,4,6,7,12,12b-ochtaihiodriondóla[2,3a]cuineoilisín-2-il]-3-meatocsapróip-2-éanóáit agus aon táirge, cibé acu nádúrtha nó eile, lena n-áirítear aon phlanda nó ábhar planda d'aon chineál nó tuairisc, a bhfuil aon chion den tsubstaint sin ann

$\alpha$-Meitil-4-(meitiltia)feineitiolaimín

1-(4-Meitilfeinil)-2-meitiolaimíneaprópán-1-ón

Naibiolón

Oraipivín

Feinicioglaidín

1-Feinilcioglaiheicsiolaimín

4-(1-Feinilcioglaiheicsiol)morfóilín

1-Pipiridínicioglaiheacsáncarbainítril

Reimifeantanail

Róilicioglaidín

Sufantainil

Taipeantadól

Teanaicioglaidín

*N*-[1-(2-Teinil-4-pipiridiol]próipianainilíd

4-[1-(2-Tínil)cioglaiheicsiol]morfóilín

1-[1-(2-Tínil)cioglaiheicsil]pioróilidín

Tuilidín.

(b) Aon substaint (nach búpróipian) arna díorthú ó thaobh struchtúir de ó 2-aimíni-1-feiniol-1-própánón trí mhodhnú ar aon cheann de na slite seo a leanas:

(i) trí mhalartaithe alcaile, ailceinile, ailcinile, alcocsaileacha, alcailtia, alcailéindé-ocsaileacha, hala-alcaile nó halamhalartaithe a chur ina hionad go feadh aon mhéid san fháinne feinile, cibé acu a cuireadh nó nár cuireadh malartaí aonfhiúsach eile amháin nó níos mó ina hionad tuilleadh;

(ii) trí mhalartaí alcaile a chur ina hionad ag staid 2- nó 3- den taobhshlabhra própánóin;

(iii) trí cheann amháin nó níos mó de na grúpaí alcaile nó dé-alcaile a chur ina hionad ag an adamh nítrigine, nó tríd an adamh nítrigine a chur san áireamh i struchtúr cioglach.

(c) Aon substaint arna díorthú ó 2-aimínea-1-própánón trí aon chóras fáinne aonchioglach, nó ilchioglach comhleáite (nach córas fáinne feinile ná fáinne alcailéindé-ocsaifeinile), cibé acu a dhéantar nó nach ndéantar an tsubstaint a mhodhnú tuilleadh ar aon cheann de na slite seo a leanas:

(i) trí mhalartaithe alcaile, ailceinile, ailcinile, alcocsaileacha, alcailtia, hala-alcaile nó halamhalartaithe a chur ina hionad go feadh aon mhéid sa chóras

fáinne, cibé acu a cuireadh nó nár cuireadh malartaí aonfhiúsach eile amháin nó níos mó ina hionad tuilleadh sa chóras fáinne;

(ii) trí mhalartaí alcaile a chur ina hionad ag an 3-staid;

(iii) trí cheann amháin nó níos mó de na grúpaí alcaile nó dé-alcaile a chur ina hionad ag an 2-aimín adamh nítrigine, nó tríd an 2-aimín adamh nítrigine a chur san áireamh i struchtúr cioglach.

(d) Aon substaint arna díorthú ó thaobh struchtúir de ó 3-(1-beansóil)iondóil nó 3-(1-naftóil)iondóil trína modhnú ar aon cheann de na slite seo a leanas:

(i) trí alcail, ailceinil, cioglalcailmeitil, cioglalcaileitil nó 2-(4-morfóilinil)eitil a chur ina hionad ag an adamh nítrigine den fháinne iondóile;

(ii) trí hala-mhalartaí a chur in ionad adamh hidrigine amháin nó níos mó d'aon cheann de na malartaithe dá dtagraítear i *gclásal (i)*;

cibé acu a cuireadh nó nár cuireadh aon ní ina hionad tuilleadh go feadh aon mhéid san fháinne iondóile agus cibé acu a cuireadh nó nár cuireadh aon ní ina hionad go feadh aon mhéid san fháinne feinile nó naiftile.

(e) 1-Beinsilpipioraisín nó aon substaint arna díorthú ó thaobh struchtúir de ó 1-beinsilpipioraisín nó 1-feinilpipioraisín trína modhnú ar aon cheann de na slite seo a leanas:

(i) trí ghrúpaí alcaile, beinsile, hala-alcaile nó feinile a chur ina hionad ag an dara hadamh nítrigine den fháinne pipioraisíne;

(ii) trí ghrúpaí alcaile, alcocsaileacha, alcailéindé-ocsaileacha, hailíde nó hala-alcaile a chur ina hionad go feadh aon mhéid san fháinne aramatach.

(f) Aon substaint arna díorthú ó thaobh struchtúir de ó fheantainil trína modhnú ar cheann amháin nó níos mó de na slite seo a leanas, is é sin le rá:

(i) trí aon heitreamonaiciogal a chur in ionad na coda feinile den ghrúpa feineitile cibé acu a cuireadh nó nár cuireadh aon ní ina hionad tuilleadh sa heitreamonaiciogal;

(ii) trí ghrúpaí alcaile, ailceinile, alcocsaileacha, hiodrocsa, halaigiona, hala-alcaile, aimínea nó nítrea a chur ina hionad sa ghrúpa feineitile;

(iii) trí ghrúpaí alcaile nó ailceinile a chur ina hionad san fháinne pipiridíne;

(iv) trí ghrúpaí alcaile, alcocsaileacha, alcailéindé-ocsaileacha, halaigiona nó hala-alcaile a chur ina hionad san fháinne anailíne;

(v) trí aon ghrúpa alcocsacarbóinile nó alcocsai-ailcile nó aicealocsaileach a chur ina hionad ag an 4-staid den fháinne pipiridíne;

(vi) trí ghrúpa aicile eile a chur in ionad an ghrúpa *N*-próipiainil.

(g) Aon substaint arna díorthú ó thaobh struchtúir de ó 2-(3-hiodrocsaicioglaiheicsil)feanól trí alcail, ailcéinil, cioglalcailmeitil, cioglalcaileitil nó 2-(4- morfóilinil)eitil a chur ina hionad ag an 5-staid den fháinne feanólach,

cibé acu a cuireadh aon ní eile ina hionad tuilleadh go feadh aon mhéid san fháinne cioglaheicsil.

(h) Aon substaint arna díorthú ó thaobh struchtúir de ó 3-(1-naftóil)iondóil nó 1*H*-iondóil-3-il-(1-naiftil)meatán trí alcail, ailcéinil, cioglalcailmeitil, cioglalcaileitil nó 2-4-(morfóilinil)eitil a chur ina hionad ag adamh nítrigine an fháinne iondóile, cibé acu a cuireadh nó nár cuireadh aon ní ina hionad tuilleadh go feadh aon mhéid san fháinne naiftile.

(i) Aon substaint arna díorthú ó thaobh struchtúir de ó 3-(1-naftóil)pioróil trí alcail, ailcéinil, cioglalcailmeitil, cioglalcaileitil nó 2-(4-(morfóilinil)eitil a chur ina hionad, cibé acu a cuireadh nó nár cuireadh aon ní ina hionad tuilleadh go feadh aon mhéid san fháinne pioróile agus cibé acu a cuireadh nó nár cuireadh aon ní ina hionad go feadh aon mhéid san fháinne naiftile.

(j) Aon substaint arna díorthú ó thaobh struchtúir de ó 1-(1-naiftilmeitil) indéin trí alcail, ailcéinil, cioglalcailmeitil, cioglailcileitil nó 2-(4-(morfóilinil)eitil a chur ina hionad, cibé acu a cuireadh nó nár cuireadh aon ní ina hionad tuilleadh go feadh aon mhéid san fháinne indéine agus cibé acu a cuireadh nó nár cuireadh aon ní ina hionad go feadh aon mhéid san fháinne naiftile.

(k) Aon substaint arna díorthú ó thaobh struchtúir de ó pheitidín trína modhnú ar cheann amháin nó níos mó de na slite seo a leanas, is é sin le rá:

(i) trí ghrúpa alcaile, ailcéinile, cibé acu neamhsháithithe nó gan bheith neamhsháithithe, beinsile nó feineitile, a chur in ionad an ghrúpa 1-meitile, cibé acu a cuireadh nó nár cuireadh aon ní ina hionad tuilleadh;

(ii) trí ghrúpaí alcaile nó ailcéinile nó droichead própáin a chur ina hionad, cibé acu a cuireadh nó nár cuireadh aon ní ina hionad tuilleadh;

(iii) trí ghrúpaí alcaile, alcocsa, airiolocsa, halaigion nó hala-alcaile a chur ina hionad san fháinne 4-feinil;

(iv) trí aon ghrúpa alcocsacarbanóile eile nó aon ghrúpa alcocsaicile nó acalocsaileach a chur in ionad an 4-eatocsacarbóinil;

(v) trí *N*-ocsaíd nó bun ceathartha a fhoirmiú.

(l) Aon substaint (nach meatocsaifeanaimín) arna díorthú ó thaobh struchtúir de ó fheineitiolaimín, *N*-alcail-feineitiolaimín, *a*-meitilfeineitiolaimín, *N*-alcail-*a*-meitilfeineitiolaimín, *a*-eitilfeineitiolaimín nó *N*-alcail-a-eitilfeineitiolaimín trí mhalartaithe alcaile, alcocsaileacha, alcailéin-dé-ocsaíde nó hala-mhalartaithe a chur ina hionad go feadh aon mhéid san fháinne, cibé acu a cuireadh nó nár cuireadh malartaí aonfhiúsach eile amháin nó níos mó ina hionad tuilleadh san fháinne.

(m) Aon substaint arna díorthú ó thaobh struchtúir de ó 3-feiniolaicéitiliondóil trí alcail, ailcéinil, cioglalcailmeitil, cioglalcaileitil nó 2-(4-(morfóilinil)eitil a chur ina hionad ag adamh nítrigine an fháinne iondóil, cibé acu a cuireadh nó nár cuireadh aon ní eile ina hionad tuilleadh go feadh aon mhéid san fháinne iondóil agus cibé acu a cuireadh nó nár cuireadh aon ní ina hionad go feadh aon mhéid san fháinne feinil.

(n) Aon fhungas ina bhfuil aon chion de shilicin nó d'eistir silicine.

(o) 1,2,3,4-Teitrihidreanaiftailéin-2-aimín, 1, 2-dé-hidreanaiftailéin-2-aimín nó 2,3-dé-hidri-*1H*-indéin-2-aimín nó aon substaint arna díorthú ó thaobh struchtúir de ó 1,2,3,4-teitrihidreanaiftailéin-2-aimín, 1, 2-dé-hidreanaiftailéin-2-aimín nó 2,3-dé-hidri-*1H*-indéin-2-aimín trína modhnú ar aon cheann de na slite seo a leanas:

(i) trí mhalartaithe alcaile, alcocsaileacha, ailceinile, ailcinile, alcailtia, alcailéindé-ocsaileacha, hala-alcaile, hiodrocsai nó halamhalartaithe a chur ina hionad go feadh aon mhéid san fháinne feinile, cibé acu a cuireadh nó nár cuireadh malartaí aonfhiúsach eile amháin nó níos mó ina hionad tuilleadh;

(ii) trína *mona*-ionadú nó trína *dé*-ionadú ag an adamh nítrigine le grúpaí alcaile, ailceinile, ailcinile nó hala-alcaile nó tríd an adamh nítrigine a chur san áireamh i struchtúr cioglach.

(p) Aon substaint arna díorthú ó thaobh struchtúir de ó thrioptaimín nó ó thrioptaimín fáinne-hiodrocsaileach trí mhalartaí alcaile amháin nó níos mó a chur ina hionad ag an adamh nítrigine den taobhshlabhra ach gan aon mhalartaí eile a chur ina hionad.

1B. (a) Alprasólam
Aimineiptín
Aimínireics
Amfaitiminil
2-Beinshidrilpipiridín
Brómaiseapam
Bratasólam
Búipreanoirfín
Bútáin-1,4-dé-ól
Bútorfanól
Camaiseapam
Caitín
Clóirdhé-aiseapocsaíd
Clóbasam
Clónaiseapam
Aigéad clóraiseapach
Clóitiaiseapam
Clocsasólam
Délóraiseapam
Deistreaprópocsaiféin
Déiseapam
Dé-eitiolpróipian
Dé-hidreafúrán-2(3*H*)-ón
Estasólam
Eatclóirvionól
Eitíneamáit

*N*-Eitiolamfataimín
Eitil lóflasapáit
Feancamfaimín
Feineitilín
Feanprópóréacs
Fluidéiseapam
Fluinítriseapam
Fluraiseapam
Glúiteitimíd
Halaiseapam
Halocsasólam
Aigéad 4-Hiodrocsabútánóch
Céataimín
Céatasólam
Leafataimín
Loporasólam
Lóraiseapam
Meitiol-lóraiseapam
Maisiondól
Meicleocualón
Meadaiseapam
Meifeanóréacs
Meapróbamáit
Méiseacarb
Meitipríolón
Meadaiseolam
Nalbúifein
Nimeataiseapam
Níotraiseapam
Nordaiseapam
Ocsáiseapam
Ocsasólam
Pemóilín
Peinteasócín
Feinteirmín
Pionaiseapam
Praiseapam
Próipilheicsidrín
Pireavailearóin
Seileigilín
Teamaiseapam
Teitriseapam

Tri-aiseolam

Zipeprol

Sóilpidéim.

(b) Aon substaint arna díorthú ó thaobh struchtúir de ó aigéad barbatúrach trína *dé*-ionadú ag an 5-staid, cibé acu a chuirtear nó nach gcuirtear malartaí meitile ina hionad ag an 1-staid freisin.

## SCEIDEAL 2

*Alt 2*

### Ionstraimí Reachtúla Áirithe a Dhaingniú

| **Uimhir agus Bliain** | **Teideal na hIonstraime** |
|---|---|
| Uimh. 164 de 1979 | Na Rialacháin um Mí-Úsáid Drugaí (Táillí Ceadúnais), 1979 |
| Uimh. 321 de 1982 | Na Rialacháin um Mí-Úsáid Drugaí (Slánchoimeád), 1982 |
| Uimh. 326 de 1988 | An tOrdú um Mí-Úsáid Drugaí (Díolúine), 1988 |
| Uimh. 328 de 1988 | Na Rialacháin um Mí-Úsáid Drugaí, 1988 |
| Uimh. 69 de 1998 | An tOrdú um Mí-Úsáid Drugaí (Ainmniú), 1998 |
| Uimh. 225 de 1998 | Na Rialacháin um Mí-Úsáid Drugaí (Oideasú agus Soláthar Meatadóin a Mhaoirsiú), 1998 |

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€2.54

ISBN 978-1-4468-0997-6

9 781446 809976

Wt. —. 52. 2/16. Essentra. (50723). Gr.30-15.